

☘ An Lúibín ☘

26 Márta 2021

An Ghaeilge i bpolaitíocht an 19ú haois

Despite assertions to the contrary, the Irish language in the 19th century had a lively presence both in private and in public. This was seen in the movement to repeal the Act of Union and give Ireland back her parliament. Speeches in Irish were common at such gatherings; one such still preserved was delivered by a Protestant clergyman, a supporter of O'Connell.

Ba é an scoláire Gael-Mheiriceánach Nicholas Wolf¹ a dúirt gur ríocht Ghaeilge í Éire sa 19ú haois, d'ainneoin a mhalairt de scéal a bheith á chur in iúl ag lucht riaracháin agus tráchtairí ag an am, agus fiú ag roinnt scoláirí de chuid an lae inniu. Is fíor go raibh an Béarla ag teacht in uachtar i dtaca le líon cainteoirí de go náisiúnta, ach sna réigiúin bhí an Ghaeilge fite fuaite i saol na ndaoine sa bhaile agus i gcúrsaí dlí, polaitíochta agus creidimh. Níor tháinig Éire nua an Bhéarla i réim i gceart go dtí an chuid ba dhéanaí den aois. Bhí baint ag saol seo na Gaeilge in Éirinn le cúrsaí teanga thar lear, sa Bhreatain, i Meiriceá Thuaidh agus san Astráil.

Toisc go raibh an oiread sin cainteoirí Gaeilge ann, bhí siad in ann tabhairt ar na húdaráis roinnt áiseanna a thabhairt dóibh. Tugadh ceart vótála do Chaitlicigh a raibh roinnt éigin gustail acu in 1793, rud a tharraing na mílte cainteoirí Gaeilge isteach i gcúrsaí polaitíochta. Chomh luath le 1817 lig an dlí d'fheidhmeannaigh thoghchánaíochta daoine a mhionnú i nGaeilge. Tar éis R v Burke in 1858 bhí cead ag finnítithe Gaeilge a labhairt sa chúirt; bhí na teanga á húsaid sna cúirteanna i bhfad roimhe sin ar aon nós agus coisteoirí ann nach raibh focal Béarla acu.

Sa chéad chuid den 19ú haois ba mhinic óráidí Gaeilge le cloisteáil i rith cruinnithe móra Reipéil. Tá ceann acu curtha in eagar ag Breandán Ó Buachalla.² (Táimid buíoch de Dymphna Lonergan as ár n-aird a tharraingt uirthi.)

Deir Ó Buachalla nach bhfuil ach lámhscríbhinn amháin ann agus gur dócha gurb é Nicolás Ó Cearnaigh ó Dhún Dealgan, scríobhaí, scoláire agus Young Irelander, a bhreac síos an óráid. Dealraíonn sé gur tugadh í i nDún Dealgan ar an 29 Meitheamh 1843, agus déanann Ó Buachalla amach gurb é an tOirmhinneach Riobard Ó Cionga (Robert King) a thug í. B'óide é i gColáiste Cholm Cille (Eaglais na hÉireann) i Stigh Colláin i gContae na Mí. Rugadh é in 1815 i gContae Chorcaí agus fuair oideachas i gColáiste na Tríonóide, agus i ndeireadh a shaoil bhí sé ina phríomhoide i gContae Ard Mhacha. Fear é a bhí oilte ar an nGaeilge; ag pointe áirithe san óráid bhaineann sé feidhm as sliocht as dán de chuid fhilí na scol.

Níl an leagan scríofa gan bhlais éigin liteartha, agus bheadh súil agat leis an ngramadach coimeádach a bhí coitianta sa chaint fiú cúpla glúin ó shin: *-ibh* mar dheireadh an tabharthaigh iolra, *-adar* (siad) mar dheireadh briathartha san aimsir chaite, agus roinnt rudaí a bhaineann le canúint. (Chuireamar nuachóiriú beag ar an litriú.)

Tugann an Ciongach súil siar ar sheanré rathúil na hÉireann, ré a d'fhéadfadh teacht arís.

A dhaoine uaisle, agus a dhaoine a éistean [éistean] seo liom, ach ar mhodh áirithe, a dhaoine úd nach dtuigean ach fíorbheagán den tSacs-Bhéarla inar labhraíodh libh cheana, tabhairigí [tugaigí] aird ar an bheagchomhairle atá mise ar tí a thabhairt dhaoibh. Is ró-fhollas do gach neach insa mhórchruinniú seo go raibh Éire aon uair ina ríocht mhór shárchuimsitheach faoina rithibh féin, lán de shaihbheas, de gach iolmhaoin, de dhaoineibh, agus de gach cineál sonais ab fhéidir a bheith i ríocht thalmhaí ar bith, roimh theacht na Sacsan inti.

Is follas fós ó gach stair a thráchtas ar ár sinsir go raibh gach séan ag dórtadh anuas ó neamh ar na daoineibh; go rabhadar naoimh agus curaidh ar fáil chomh líonmhar agus sin inti, gur gaireadh feadh aimsire fada oileán na Naomh agus Inis Ealga dhi, ar iomadúlacht a daoine naofa foghlamtha agus a curaidh. Insan aimsir a luaim, ní rabhadar tithe bochta lena bhfeicsin mar atá inniu: ní raibh feidhm leo; óir cé go rabhadar [go raibh] na daoine sárlíonmhar, mar is fianaise linn, ní rabhadar daoine bochta ar bith ar fáil in Éirinn, agus má bhí, bhíodar mainistreacha nó ionaid chráifeacha eile i ngar dóibh ina ngabhadar gach ní, bia, iostas agus éadach a bhíodh i riachtanas orthu.

¹ *An Irish-Speaking Island: State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770-1870* (University of Wisconsin Press, 2014)

² Ó Buachalla, Breandán (eag.). *A Speech in Irish on Repeal, 1843*. (B.Á.C.: Coláiste Phádraig, 1970)

Iompaíonn sé ag pointe áirithe ar dhrochiompar na Sasanach agus a fhios aige go maith go dtabharfaidh an slua taitneamh dá chuid cainte – caint a bhfuil goimh inti a chuirfeadh iontas ar an ngnáth-Shasanach, go háirithe i mbéal ár nduine.

Ach monuar! agus mo chéad míle trua, agus géarloscadh mo chroíse! Níorbh fhada rath na dtromcheathanna sonais ar Éirinn! Níorbh fhada, a dhaoine, níorbh fhada; óir gríosadh éad an chine chraosaigh na Sacsan, agus móideadh leo gurbh éigean titim arís, ionas go lingfeadh a mórshonas orthu féin, agus go mbeadh Éire bocht (Éire shona fad a bhí a chomhairle féin aici) gan chomhairle agus íslithe faoi dhaoirse gach truailléan gan chéill gan chineál nárbh fhios cé féin, a chuirfí os a cionn! Thógadar cogadh agus buaireamh mór feadh na tíre: chrochadar daoine gan chúis!

Ach tá slánaitheoir ann: Domhnall Ó Conaill, fear nach de ‘pheataí an Chaisleáin’ é ach a mhalairt; fear a thabharfaidh féinrialú d’Éirinn.

Féachaigí uile an fear a rinne seo, agus a dhéanfas tuilleadh mar gheall oraibhse agus ar Éirinn! Glacaigí a chomhairle go grinn, óir is cóir a glacadh; cuirigí in amhail d’Éirinn go huile gur sibh fir chluíteacha Chontae Lú sibh ariamh nár fheall ar Éirinn! Tigigí le píghinn [pingin] agus bonn idir fhearaibh agus mhnáibh; idir bheag agus mhór i gceann a chéile in éineacht le Domhnall Ó Conaill, agus iarraigí go diongbháilte bhur gComhairle [parlaimint] féin, Comhairle na hÉireann a thabhairt ar ais dhaoibh.

Seo guth na haicme measúla (aicme Uí Chonaill agus na cléire, idir Chaitliceach agus Phrotastúnach): deirtear leis an slua a bheith síochánta, stuama, céillí, agus go mbéarfaidh siad bua gan mhoill. Cuirtear i gcuimhne dóibh go bhfuair siad bua cheana ar an ól (tagairt don fheachtas in aghaidh an óil a thosaigh in Éirinn insa 1830idí), agus deirtear gur féidir leo bua neamhfhuilteach eile a fháil faoi stiúradh an tsaoi mhóir. Ní bheidh an Ghaeilge thíos leis, mar ‘beidh teanga mhín mhilis ár máthar ar bail againn arís, agus nach gcúnóidh tusa, a Dhomhnaill Uí Chonaill, a cur ar bhonn mar is cóir...’. Is díol spéise í an tuairim sin i bhfianaise an dearcaidh an-phraiticiúil a bhí ag an gConallach ar an teanga agus barúil aige gur bheag an tairbhe d’Éirinn sa saol nua í. Is díol spéise é gurb é a mhalairt de thuairim a bhí ag an gCiongach, fear oilte agus ball den mheánaicme Phrotastúnach.

Tá blas na measúlachta fós ar chríoch na cainte, agus léirítear meas an fháidh ar an gConallach, fear a chuirfidh muintir na hÉireann in athréim. Má dhéanann, áfach, ní réabhlóid a bheidh ann. Ní hionann féinrialú agus scaradh ón gCoróin, mar atá le feiceáil thíos.

Tabhairigí, a chairde, trí gháire ar son Dhomhnaill Uí Chonaill an t-ath-Mhaoise. Trí gháire don mBanríon. Trí gháire lúcháireacha i gceann gur féidir libh bhur gComhairle a fháil arís go Baile Átha Cliath. Slán libh. Imígí abhaile go síochánach. Slán libh.



Na hÉireannaigh ag Trafalgar

The battle of Trafalgar in 1805, in which Nelson defeated a combined French and Spanish fleet, was considered an astonishing victory, though a costly one. The official British complement was around 18,000 men (and one woman, though doubtless there were others). They included sailors of many backgrounds, and among them over 3,500 Irish, most of them Irish speakers.

D’fhéadfá a rá gurbh é cath Trafalgar in 1805 an bua mara is mó a rug na hÉireannaigh riamh.

Taispeánann taifid Mhúsaem Náisiúnta Mara na Breataine agus Chartlann Náisiúnta na Breataine go raibh os cionn 18,000 fear (agus bean amháin ar a laghad) sa chabhloch Briotanach a bhí ag troid ag Trafalgar, agus os cionn 3,500 Éireannach san áireamh. Ina measc siúd bhí 893 fear as Baile Átha Cliath, 632 as Contae Chorcaí, 187 as Contae Phort Láirge, 154 as Contae Luimnigh, 116 as Contae Loch Garman agus 112 as Contae Aontroma. Is léir mar sin, i bhfianaise staid na Gaeilge ag an am, go raibh neart cainteoirí Gaeilge ann; is dócha gurbh í an dara teanga is mó a bhí á labhairt ar bord í.

Bhí cabhlach na Breataine lán de dhaoine eile nár Shasanaigh iad – fir as an Tuirc, an Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil, Málta, na hIndiacha Thiar, Meiceá, Ceanadá, an Phrúis, an Ostair, an Ísiltír, an Rúis, an Iorua agus an tSualainn. 10% den fhoireann iomlán ba ea iad.

B’as Éirinn, dála an scéil, a tháinig cuid mhaith de lón an chabhlaigh, muiceoil, mairteoil agus arbhar.



'Trafalgar,' pictiúr a rinne Clarkson Standfield (1793-1867) in 1836.

Wikimedia Commons

Bhí 828 fear ar bord HMS Victory, long Nelson féin, agus 94 Éireannach ina measc: 77 Rianach, 59 fear de mhuintir Mhurchaidh agus 32 fear de mhuintir Chárthaigh. Bhí fir eile ann as na hIndiacha Thiar, Meiriceá, an Ísiltír, an Iodáil, an Fhrainc, Málta agus eile – dhá thír is fiche san iomlán.

Cath é a tháinig den choimhlint idir an Bhreatain, an Fhrainc agus an Spáinn le linn Napoléon. Bhí an Chéad Impireacht Fhrancach i réim ar mhór-roinn na hEorpa, ach bhí an fharraige faoi smacht ag an gCabhlach Ríoga. Bhí fonn ar Napoléon ionradh a dhéanamh ar an mBreatain, ach b'éigean greim a fháil ar Mhuir nIocht ar dtús. Bhí an Fhrainc agus an Spáinn ina gcomhghuaillithe ag an am, agus socraíodh go rachfadh a dhá gcabhlach i bpáirt sa ghnó.

Chuaigh siad chun farraige ó chuan Cádiz i ndeisceart na Spáinne ar an 18 Deireadh Fómhair 1805 agus bhual an cabhlach Briotanach leo amach ó Rinn Trafalgar ar chósta thiar theas na Spáinne. Ní raibh eagar ceart ar an gcabhlach comhaontaithe agus d'ordaigh Nelson go rachadh a longa féin díreach rompu ina dhá líne i measc an namhad. Bhí seacht long fichead i gcabhlach na Breataine agus trí long is tríocha sa chabhlach eile, agus bhí sé ina bhualadh ceart; rinneadh an-dochar do longa Nelson agus ba bheag nár cailleadh an Victory, ach i ndeireadh na dála chaill an cabhlach comhaontaithe dhá long ar fhichid agus níor chaill Nelson long ar bith, cé gur maraíodh é féin.

Ba dheacair riamh do chaptaein a ndóthain fear a fháil i rith cogaidh. Dá dtosódh cogadh bheadh a lán long cúltaca á gcur chun farraige arís agus an-éileamh dá réir ar mhairnéalaigh a raibh taithí acu ar an obair. Rachfaí á lorg i dtithe tábhairne nó ar bord longa trádála. Fuarthas mairnéalaigh i gcalaí eachtrannacha nó i longa a gabhadh i gcath. Uaireanta bhainfí feidhm as buíonta preasála.

Tá eolas ar mhairnéalaigh i gcabhlach Nelson le fáil ó liostaí foirne, suirbhéanna, taifid pinsinéirí agus teastais seirbhís, agus é bailithe anois i gCartlann Náisiúnta na Breataine, áit ar féidir ainmneacha a fháil ar líne. Ós rud é go bhfuil an sloinne Ó Riain ar eagarthóir *An Lúibín*, ba bheag an mhoill air dul ar thóir a mhuintire ar bord. Ní in Éirinn a rugadh iad go léir. Rugadh duine san Afraic, duine san Phortaingéil, duine in Halifax, Yorkshire, agus duine in Blackpool. Níl amhras ná go raibh cainteoirí Gaeilge go leor i measc na Rianach arbh as contaethe áirithe dóibh: Port Láirge, Tiobraid Árann, Luimneach, Chill Chainnigh, Corcaigh, an Mhí, Gaillimh. Bhí a lán 'landsmen' ann – aineolaithe mara a chuirfí ag obair mar 'waisters' iad, ag tarraingt téad ar deic agus mearbhall orthu nuair a chonaic siad scríútaí, staghanna, láinnéir chleithe, láinnéir shlaite, téadáin chluaise agus téadáin leithid ina dtranglam thuas.

Agus ansin an cath: gleo agus torann uafásach, na gunnaí móra á lódáil, á sá amach, ag léim ar ais le frithbhuille, scealpanna móra adhmaid ag marú fear nó á martrú. An máinlia thíos staighre ag obair dólámhach le scian agus le sábh. Na mairbh á gcaitheamh i bhfarraige cheal slí ar bord.

Bheadh amhras ort, b'fhéidir, faoin sochar a bhain na hÉireannaigh as a bheith ag troid ar son na Breataine. Ach bhí siad ann, ar muir agus ar tír, agus rinne siad a gcion go cróga.



HMS Victory, mar a bhí sí in 1884, beaganach ochtó bliain i ndiaidh Trafalgar.

Wikimedia Commons

Féach:

https://historyhouse.co.uk/articles/nelsons_navy.html

<http://www.nationalarchives.gov.uk/nelson/>

Claire Heald, BBC News; 'Were they one of Nelson's men?' 21/6/2005:

http://news.bbc.co.uk/2/hi/uk_news/magazine/4110478.stm

Ronan McGreevy, 'England expects, with a little help from Nelson's Irish,' 15/10/2013:

<https://www.irishtimes.com/culture/heritage/england-expects-with-a-little-help-from-nelson-s-irish-1.1560559>



An 'Ghaeltacht' agus saol na nGael

The traditional Gaeltacht is an ideological construct which embodies values of tradition and authenticity. But to cling to the construct is to distort both the history and the present reality of the language.

Tógán idé-eolaíoch³ is ea an 'Ghaeltacht': a cuid teorainneacha féin aici, a cuid eagraíochtaí féin aici, í ar chúram an Stáit (mar dhea). Bunaíodh í i bhfichidí an fichiú haois de réir staitisticí míchrúinne agus tá uimhir na gcainteoirí istigh inti ag laghdú gan stad riamh ó shin. Is é an bun atá léi (más fíor) gurb í tobar na fíor-Ghaeilge a tháinig anuas gan bhearna ó na sinsir í. Cuid riachtanach de dhúchas na tíre hÉireann í. Pobal ann a bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth-theanga acu, agus dá bhfaigheadh an teanga bás ina measc bheadh deireadh tagtha le seoid nach féidir a leithéid eile a fháil.

³ Nó, mar a déarfadh Shakespeare agus an Bhanríon, 'ideological construction'.

Ceart go leor. Ach cuimhnimis (agus tá an méid seo ráite cheana) go gcuireann an tógán idé-eolaíoch seo stair na teanga as a riocht – teanga a bhí á labhairt ag gach aicme ar fud na tíre, i ngach áit, ag lucht gach ceirde. Tugann an tógán le tuiscint nach bhfuil dúchas na teanga le fáil ach amuigh faoin tuath i gceantair uaigneacha. Ach fiú sa 19ú haois bhí sí á labhairt i limistéir leathana ag Caitlicigh agus ag Protastúnach, dlíodóirí agus giúistísí, scoláirí agus scríobhaithe, ceannaithe, sagairt, easpaig agus daoine uaisle.

Má fhiafraimid cén bhail atá ar an ‘nGaeltacht’ seo inniu, ní maith an scéal é, más fíor don fhianaise. Níl tairseach criticiúil cainteoirí fágtha ann; Béarla is rogha leis an gcuid is mó de na daoine óga eatarthu féin, an chuid acu d’fhan sa bhaile; ach ar bhealach éigin diamhair, tá an ‘Ghaeltacht’ ann i gcónaí, fiú más ar éigean é, agus is féidir, más fíor, í a chur ar a seanléim arís.

Ní nach ionadh, tá daoine ann a bhfuil an-léi acu leis an nGaeltacht mhealltach thraidisiúnta seo. Admhaíonn siad go bhfuil i bhfad níos mó cainteoirí líofa sna cathracha, cainteoirí oilte a bhfuil saol beoga cultúrtha acu. Ach níl na cainteoirí sin ina bpobal; agus tá sé le tuiscint, thar aon rud eile, gur pobal í an Ghaeltacht.

Tá dearcadh na nGaeltachtóirí úd curtha in iúl go maith in alt a scríobh Conchúr Ó Giollagáin do *The Irish Times* i Mí Lúnasa 2020, ‘Irish is a language of the sympathetic middle class’.⁴ Táthar á rá, dar leis, go dtiocfaidh rath ar an nGaeilge trí díograiseoirí a bhailiú le chéile agus iad ag fáil moladh as an teanga a chur i láthair in dtimpeallachtaí institiúide ar nos scoileanna, ollscoileanna, na n-ealaíon agus na meán, agus as corrchleachtadh siombaileach. Tugann sé ‘Gaeilge ar stáitse’ (Staged Irish) air seo.

The individualist logic underpinning Staged Irish, now decoupled from the Gaeltacht collective, is unashamedly neo-liberal. To this extent, the current approach represents a takeover by non-native Irish speakers in a post-communal and post-Gaelic context. Gaeltacht identity is now to be culturally repopulated by individuals who have acquired Irish as a secondary language...

Maíonn an Giollagánach nach bhfuil in idé-eolaíocht na Gaeilge ar stáitse ach féiniúlacht gan fréamhacha a oireann do dhaoine nach bhfuil buartha faoi bhás na bpobal beo Gaeilge. Níl ag teastáil ón nGaeilge ar stáitse ach luí a bheith ag an duine aonair amháin leis an teanga. Níl gá aici le háit dhúchais ná le comhphobal.

Ach is léir go bhfuil leithéidí Uí Ghiollagáin dallta ag idé-eolaíocht eile – idé-eolaíocht rómánsach. Ní dhéanann siad dianscrúdú ar a gcuid buntairimí féin. Más í féiniúlacht gan fréamhacha atá i gceist, ní sna cathracha a gheofá í: tá Gaeilge na nGaeilgeoirí fréamhaithe i saol dá gcuid féin, i gcomhchaidreamh dá gcuid féin. Tá buntáistí ag baint le pobal Gaeilge seachas le gréasán Gaeilgeoirí, gan amhras. Ach tá deireadh anois leis an nGaeltacht mar a shamhlaíttí í agus leis an dlúthphobal teanga a bhfuil cuntas uirthi in *An tOileánach* agus i gclasaicí eile na Gaeilge – dream a raibh a gcuid féin de dhuáilcís agus de shúailcís an tsaoil ag roinnt leo ach a raibh airíonna cultúrtha ar leith acu.

Tá inní na nGaeltachtóirí ag géarú de réir mar a chuirtear i bhfeidhm orthu go bhfuil a haisling ag tréigean. Ní hé nach bhfuil bunús le hiad a bheith chomh dílis sin di. Tá fíordhraíocht ag baint leis an gcuid is fearr den seansaol Gaelach – na scéalta, na dánta, na hamhráin, fiú na bpiseog. Agus tá údaracht gan bhriseadh ag baint leis mar oidhreacht. Déarfá gan amhras go bhfuil dúchas ar leith le fáil ann, agus ní deacair a thuiscint cén fáth a mbeadh caitheamh ag daoine éigin i ndiaidh saoil ina maireadh lucht na Gaeilge ar scáth a chéile, ag caomhnú an dúchais sin. Tá mealladh sa mhéid sin, agus cur amú. Ní bheathaíonn an marbh an beo. Tá an teanga ag bláthú ar fhód eile agus caithfear glacadh leis sin. Ní stadfaidh an seansaol de dhraíocht a imirt ar an saol nua, ach ní mór dúinn a bheith sásta leis an rud atá againn – teanga a mhaireann agus nach bhfaighidh bás go tobann.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta le beirt

As Ceantar na nOileán i gConamara do Julie Breathnach-Banwait. I ina cónaí san Astráil Thiar anois. Cnuasach dánta léi (Dánta Póca) foilsithe ag Coiscéim.

⁴ Conchúr Ó Giollagáin, ‘Irish is a language of the sympathetic middle class: Post-Gaeltacht native community tongue neglected for symbolic “Staged Irish”’, 17/8/2020, *Irish Times*: <https://www.irishtimes.com/opinion/irish-is-a-language-of-the-sympathetic-middle-class-1.4331515>

Ithir an Whadjuk

Tá an chathair ina codladh romham
Is caoineadh na bpreachán liom
Cocatú ag cíoradh sa bhféar garbh lena gob
Is a cleití ag mealladh mo shúl
Le dearadh na ndathanna
Bandacút beag ag sliodarnach ó na tomacha
Gaineamh is triomach, is foirgnimh na hola ag lonrú
Faoi mheáchan an tsaibhris
Luaimh chun súgradh is seaimpéin am lóin
Dó gréine is athdheilbhiú na colainne
Ealaí dubha ag cosaíocht san abhainn
Is na huiscí míne ag ól a gcorp
Is gan trácht oraibh
Ná lorg bhur gcos ar an gcruthú seo

*In Melbourne atá cónaí ar **Colin Ryan**. Cnuasach leis foilsithe ag Coiscéim.*

Ag tógáil eangaí

I ndeireadh an lae
is an fharraige
dearg le fuil na míolta aineoil
thóg siad an eangach
agus fuair siad bean i bhfostú inti
ag caoineadh i dteanga an íochtair
agus aigéan ag éirí aisti aníos
a bháfadh na bailte
ag líonadh na críche le clann
na feamainne agus an tsalainn

Thairsti

An bhean úd ag breathnú in airde
ar dheifir na traenach
idir an clái agus tramlam na scamall
ciseán faoina cosa
a lámh ar líne éadaigh
a súile lán de rud anaithnid
agus an traein ag líonadh an nóiméid
idir é seo is é siúd
ag déanamh ar ardán bán
ar imeall bán na beatha